**Caingean arna tabhairt an 23 Aibreán 2023 – Fractal Analytics v EUIPO – Fractalia Remote Systems (FRACTALIA Remote Systems)**

**(Cás T-211/23)**

(2023/C 235/60)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Fractal Analytics, Inc. (Nua Eabhrac, Nua Eabhrac, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: J. Güell Serra, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Fractalia Remote Systems, SL (Maidrid, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha 'FRACTALIA Remote Systems' – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 5 106 406

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 30 Eanáir 2023 i gCás R 858/2022-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

— A ordú do EUIPO agus don pháirtí eile sna himeachtaí os comhair EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún i gcomhar le hAirteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 19(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún.

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) agus Airteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Aibreán 2023 — Greenpeace agus Páirtithe Eile v an Coimisiún**

**(Cás T-214/23)**

(2023/C 235/61)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Greenpeace eV (Hamburg, an Ghearmáin) agus 7 n-iarratasóir eile (ionadaí: R. Verheyen, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh ón gCoimisiún dar dáta an 6 Feabhra 2023, lena ndiúltaítear d'iarraidh na n-iarratasóirí ar athbhreithniú inmheánach, a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí ceithre shaincheist déag sa dlí.

1. An chéad shaincheist dlí: maidir leis an gCinneadh ón gCoimisiún dar dáta an 6 Feabhra 2023 ('an Cinneadh atá faoi chonspóid'), déantar earráidí dlí agus/nó earráidí measúnaithe ann maidir le hAirteagal 19(1)(f) de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) á léirmhíniú, i ndáil leis an gceanglas maidir le Critéir Scagtha Theicniúla ('CST') a bheith bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte agus ar phrionsabal an réamhchúraim.

**Maidir le gníomhaíochtaí núicléacha**

2. An dara saincheist dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú don argóint nach gcomhlíonann CST maidir le cumhacht núicléach an ceanglas maidir leis 'an fheidhmíocht is fearr san earnáil' faoi Airteagal 10(2)(a) de Rialachán 2020/852.

3. An tríú saincheist dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú don fhoras nach gcomhlíonann na critéir i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ([2]) ón gCoimisiún Airteagal 10(2) de Rialachán 2020/852 ('an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach').

4. An ceathrú saincheist dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú don fhoras nach rannchuidíonn cumhacht núicléach go mór le hoiriúnú don athrú aeráide faoi Airteagal 11(1)(a) de Rialachán 2020/852.

5. An cúigiú saincheist dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid, déantar earráidí measúnaithe ann agus/nó tugtar cúiseanna neamhleordhothanacha ann, trí dhiúltú don aighneacht nach gcomhlíonann gníomhaíochtaí núicléacha an ceanglas 'gan aon dochar suntasach a dhéanamh' in Airteagal 3, Airteagal 9 agus Airteagal 17 de Rialachán 2020/852.

6. An séú saincheist dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid, déantar earráidí measúnaithe ann agus/nó tugtar cúiseanna neamhleordhothanacha ann, trí dhiúltú don fhoras go ndearnadh sárú ar an gceanglas maidir le coimircí íosta le haghaidh gníomhaíochtaí núicléacha faoi Airteagal 3(c) agus faoi Airteagal 18 de Rialachán 2020/852.

**Maidir le gníomhaíochtaí gáis iontaise**

7. An seachtú saincheist dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú don aighneacht go bhfuil na tairseacha astaíochtaí a leagtar síos le haghaidh gníomhaíochtaí gáis iontaise contrártha le ceanglais Airteagal 10(2) de Rialachán 2020/852.

8. An t-ochtú saincheist dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú don fhoras go gcuirfí bac ar fhorbairt agus ar úsáid roghanna malartacha ísealcharbóin le cuimsiú gníomhaíochtaí gáis iontaise, contrártha d'Airteagal 10(2) de Rialachán 2020/852.

9. An naoú saincheist dlí déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú don fhoras go bhfuil CST maidir le Gás Iontaise contrártha leis an gceanglas faoi Airteagal 10(2) de Rialachán 2020/852 nach bhfuil aon rogha mhalartach ísealcharbóin ar fáil.

10. An deichiú saincheist dlí déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú don fhoras go bhfuil sé contrártha leis an gceanglas in Airteagal 10(2)(c) de Rialachán 2020/852 nach gaibhniú sócmhainní atá dian ar charbón a bheidh mar thoradh ar ghníomhaíocht go n-aicmítear gníomhaíochtaí gás iontaise mar inbhuanaithe.

11. An t-aonú saincheist déag dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú don fhoras go sáraítear an ceanglas 'gan dochar suntasach a dhéanamh' ar bhonn Airteagal 3, Airteagal 9 agus Airteagal 17 de Rialachán 2020/852 le TSC le haghaidh gníomhaíochtaí gáis iontaise.

**Saincheisteanna eile**

12. An dara saincheist déag dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú do na forais gur mhainnigh an Coimisiún, go mícheart, Measúnú ar Chomhsheasmhacht Aeráide nó Measúnú Tionchair a dhéanamh.

13. An tríú saincheist déag dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid agus/nó déantar earráidí measúnaithe trí dhiúltú d'fhorais maidir le comhairliúchán éifeachtach leis an Ardán agus le Sainghrúpa na mBallstát.

14. An ceathrú saincheist déag dlí: déantar earráid dlí sa Chinneadh atá faoi chonspóid trí dhiúltú d'fhorais maidir lena neamh-chomhlíonadh Airteagal 290(1) CFAE.

---

([1]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún an 9 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le nochtadh go poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO 2022 L 188, lch. 1).

---

## Caingean arna tabhairt an 18 Aibreán 2023 – ClientEarth agus páirtithe eile v an Coimisiún

**(Cás T-215/23)**

(2023/C 235/62)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* ClientEarth AISBL (Ixelles, an Bheilg), Fédération Européenne pour le Transport et l'Environnement (Ixelles), WWF European Policy Programme (an Bhruiséil, an Bheilg), Bund für Umwelt und Naturschutz Deutschland (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaithe: F. Logue, Dlíodóir, J. MacLeod, Abhcóide)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh ón gCoimisiúin, a seoladh le litir an 8 Feabhra 2023, lenar dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh ar athbhreithniú inmheánach dar dáta an 9 Meán Fómhair 2022 arna dhéanamh ag na hiarratasóirí de bhun Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a chur ar neamhní; ([1]) agus

— a ordú don Choimisiún costais na n-iarratasóirí sna himeachtaí sin a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí:

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún earráid agus é ag diúltú do na hargóintí a bhí de cheangal air measúnú comhsheasmhachta aeráide a dhéanamh mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([2])

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún earráid i leith ceanglais in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ní hamháin maidir lena anailís ina hiomláine ach maidir leis an méid seo a leanas:

   — léirú agus measúnú a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann le 'fianaise eolaíoch chinntitheach agus prionsabal an réamhchúraim';